CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/655 ÓN gCOIMISIÚN

an 10. Márta 2023

lena socraítear leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2024 agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1532)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta i dtaca le cabhracha agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún ([2]), na Ballstáit ar mian leo a bheith páirteach i scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachas (an scéim scoile), tá siad lena n-iarraidh ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an gcéad scoilbhliain eile a chur faoi bhráid an Choimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain agus, más infheidhme, nuashonróidh siad an iarraidh ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an scoilbhliain reatha.

(2) Chun cur chun feidhme éifeachtach na scéime scoile a áirithiú, ba cheart leithdháileadh na cabhrach ón Aontas i measc na mBallstát atá rannpháirteach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna a shocrú ar bhonn na méideanna a léirítear san iarraidh ar chabhair ón Aontas ó na Ballstáit sin agus na haistrithe idir leithdháiltí táscacha na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 23a(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) á gcur san áireamh.

(3) Thug na Ballstáit uile fógra don Choimisiún maidir lena n-iarraidh ar chabhair ón Aontas le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2024, fógra lenar sonraíodh an méid cabhrach a iarradh le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna nó le haghaidh bainne do scoileanna, nó le haghaidh an dá chuid den scéim. I gcás na Beilge, na Fraince, na hÍsiltíre agus na Sualainne, cuireadh na haistrithe idir na leithdháiltí táscacha san áireamh sna méideanna a iarradh.

(4) Chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht iomlán na gcistí atá ar fáil, ba cheart an chabhair a fhágtar gan iarraidh a ath-leithdháileadh ar na Ballstáit atá páirteach sa scéim scoile agus a léiríonn, ina n-iarraidh ar chabhair ón Aontas, a dtoilteanas méid is mó ná an leithdháileadh táscach atá acu a úsáid, i gcás ina bhfuil acmhainní breise ar fáil.

(5) San iarraidh ón tSualainn ar chabhair ón Aontas le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2024, lorgaíodh méid is lú ná an leithdháileadh táscach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna. Chuir na Ballstáit seo a leanas a dtoilteanas in iúl méid is mó ná an leithdháileadh táscach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna a úsáid: an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Spáinn, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic. Níor lorg aon Bhallstát méid is lú ná an leithdháileadh táscach le haghaidh bainne do scoileanna.

([1]) IO L 346, 20.12.2013, lch. 12.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 maidir le rialacha i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (IO L 5, 10.1.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

(6) Ar bhonn na faisnéise atá curtha in iúl ag na Ballstáit, ba cheart leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2024 a shocrú.

(7) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 ón gCoimisiún ([4]) socraíodh leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna i measc na mBallstát ar mian leo a bheith páirteach sa scéim scoile le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1187 ón gCoimisiún ([5]) leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 a mhéid a bhaineann le leithdháileadh cinntitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023 chun na dara hiarrataí eisceachtúla ar chabhair ón Aontas arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/861 ón gCoimisiún ([6]) le haghaidh na tréimhse céanna sin a chur san áireamh.

(8) Sna fógraí a cuireadh isteach faoin 31 Eanáir 2023 de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, rinne roinnt Ballstát nuashonrú ar a n-iarraidh ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an scoilbhliain 2022/2023. Chuir an Ghearmáin, an Spáinn, an Ísiltír, an Ostair agus an Fhionlainn aistrithe in iúl idir leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus an leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh bainne do scoileanna. Lorg an Ghearmáin agus an Ísiltír méid is lú ná an leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh bainne do scoileanna. Chuir na Ballstáit seo a leanas a dtoilteanas in iúl méid is mó ná an leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus/nó le haghaidh bainne do scoileanna a úsáid: an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an tSlóvaic agus an tSualainn.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach in Iarscríbhinn I leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna i measc na mBallstát atá páirteach sa scéim scoile le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2024.

Airteagal 2

Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 ón gCoimisiún an 21 Márta 2022 lena socraítear leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023 agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/462 (IO L 100, 28.3.2022, lch. 55).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1187 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 a mhéid a bhaineann le leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023 (IO L 184, 11.7.2022, lch. 56).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/861 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2022 lena leagtar síos rialacha eisceachtúla maidir leis na dara hiarrataí ó Bhallstáit ar chabhair ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna agus lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le hath-leithdháileadh na cabhrach ón Aontas, le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023 (IO L 151, 2.6.2022, lch. 42).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Scoilbhliain 2023/2024

Ballstát	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna in EUR	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh bainne do scoileanna in EUR
an Bheilg	3 815 785	1 433 417
an Bhulgáir	2 185 256	1 800 090
an tSeicia	3 473 993	3 048 057
an Danmhairg	1 739 147	1 632 431
an Ghearmáin	21 196 752	8 910 720
an Eastóin	412 360	754 955
Éire	1 966 159	826 537
an Ghréig	3 149 503	1 464 086
an Spáinn	13 922 472	6 023 462
an Fhrainc	18 176 401	14 523 309
an Chróit	1 322 043	610 533
an Iodáil	15 293 816	6 910 347
an Chipir	300 828	252 652
an Laitvia	671 180	868 581
an Liotuáin	923 603	1 236 781
Lucsamburg	297 570	193 000
an Ungáir	2 994 731	2 970 122
Málta	290 000	193 000
an Ísiltír	5 722 702	1 632 699
an Ostair	2 414 539	1 015 027
an Pholainn	12 565 488	12 791 591
an Phortaingéil	2 804 412	1 301 261
an Rómáin	6 178 236	11 303 390
an tSlóivéin	689 729	305 638
an tSlóvaic	1 915 162	1 659 402
an Fhionlainn	1 672 943	2 731 455
an tSualainn	0	8 316 782
Iomlán	126 094 810	94 709 325

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN I

Scoilbhliain 2022/2023

Ballstát	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna in EUR	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh bainne do scoileanna in EUR
an Bheilg	3 405 460	1 613 199
an Bhulgáir	2 145 826	1 030 342
an tSeicia	3 515 512	2 000 127
an Danmhairg	1 855 060	1 578 658
an Ghearmáin	20 867 400	9 614 058
an Eastóin	520 903	779 265
Éire	1 811 303	1 033 661
an Ghréig	3 221 670	1 550 685
an Spáinn	13 442 293	6 152 902
an Fhrainc	16 271 478	16 146 588
an Chróit	1 390 541	800 354
an Iodáil	17 117 780	8 003 535
an Chipir	390 044	400 177
an Laitvia	658 180	748 041
an Liotuáin	966 451	1 135 641
Lucsamburg	295 111	205 725
an Ungáir	3 122 448	1 945 693
Málta	293 504	201 724
an Ísiltír	6 006 511	642 270
an Ostair	2 401 768	944 680
an Pholainn	12 494 071	10 739 507
an Phortaingéil	3 283 397	2 220 981
an Rómáin	6 900 318	10 455 944
an tSlóivéin	570 823	311 770
an tSlóvaic	1 872 965	1 070 557
an Fhionlainn	1 799 047	3 624 689
an tSualainn	0	9 233 498
Iomlán	126 619 864	94 184 271"